

Chuíg: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaise i Scoileanna Dara Leibhéal agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna

Leasú ar Shocrúithe Measúnachta le haghaidh Ealaín na hArdteistiméireachta don chéad scrúdú in 2018

Ciorclán 0035/2015

1. Réamhrá

D'fhonn cáilíocht na measúnachta in Ealaín na hArdteistiméireachta a fheabhsú, tá socruithe leasaithe á gcur i bhfeidhm do dhaltáí a bheidh ag dul isteach i mBliain 1 den Ardteistiméireacht i mí Mheán Fómhair 2016 agus a bheidh ag tabhairt faoina scrúduithe in 2018 agus ina dhiaidh sin.

2. Leasuithe ar Chomhpháirteanna Praiticiúla

Déanfar an chomhpháirt um *Chumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo* agus an chomhpháirt um *Cheardaíocht nó Dearadh* mar obair chúrsa i scoileanna thar thréimhse shínte ama (is beartaithe atá tréimhse a mhaireann tuairim is sé seachtaine lena mbaineann thart ar 15 uaire d'am ranga).

Beidh an dá chomhpháirt sin bunaithe ar thacar aonair d'ábhair spreagthaigh a eisiúnn Coimisiún na Scrúduithe Stáit gach bliain. Bunaithe ar na hábhair sin, roghnóidh an t-iarrthóir téama amháin óna bhforbrófar an dá chomhpháirt. Éascóidh an cur chuige téamach sin an fhorbairt smaointe agus tabharfaidh sé deis níos fearr do dhaltáí lena gcuid scileanna a thaispeáint.

Tá forbairt agus tástáil á ndéanamh ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar na socruithe riachtanacha faoi láthair. Ceanglófar ar gach iarrthóir cruthú agus cur isteach a dhéanamh ar obair churtha i gcrích le haghaidh na comhpháirte um *Chumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo* agus na comhpháirte um *Cheardaíocht nó Dearadh* agus ar réamhábhar agus ar ábhar ullmhúcháin freisin. Déanamh na dtascanna sin mar obair chúrsa thar thréimhse shínte ama in ionad iad a dhéanamh laistigh de na srianta a bhaineann le scrúdú réasúnta gairid a ndéantar feitheoireacht air, cuirfidh sé tuilleadh ama d'iarrthóirí a gcuid oibre a fhorbairt agus a tháirgeadh ar aon dul leis an dea-chleachtas oideolaíoch. Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit faisnéis níos mionsonraithe ar fáil faoi na ceanglais agus faoi na socruithe tráth níos déanaí.

3. Obair chúrsa agus Scrúduithe

Cé go bhfuil uainiú beacht na tréimhse obair chúrsa ina chuid den tástáil socruithe atá ar bun cheana, tá sé beartaithe go dtitfidh an tréimhse idir tús mhí Feabhra agus deireadh mhí Aibreáin sa bhliain scrúdaithe.

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit bearta oiriúnacha i bhfeidhm chun barántúlacht obair na n-iarrthóirí a chinntiú, lena n-áirítear síniú ag múinteoirí agus údaráis scoile, ar aon dul leis na

nósanna imeachta atá i bhfeidhm maidir le hobair chúrsa in ábhair scrúdaithe eile na hArdteistiméireachta. Díreach mar is amhlaidh i gcás na n-ábhar sin, beidh an comhoibriú ó mhúinteoirí agus scoileanna ríthábhachtach chun a chinntiú go gcuirfear obair chúrsa i gcrích go heiticiúil agus ar aon dul leis na rialacháin go léir.

Leanfaidh an scrúdú *Scitseáil Beo-Ábhair* de bheith ina scrúdú a ndéanfar feitheoireacht air, faoi mar atá sé faoi láthair, agus leanfar ar aghaidh á chur ar siúl thart ar an uair sa bhliain a chuirtear ar siúl é faoi láthair.

Leanfar ar aghaidh ag cur na comhpháirte scrúdaithe scríofa um *Stair agus Léirthuisicint na hEalaíne* ar siúl i mí an Mheithimh, faoi mar atá an scéal faoi láthair.

4. An Próiseas Marcála

Déanfaidh scrúdaitheoir seachtrach arna cheapadh ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit marcáil sna scoileanna ar an obair phraiticiúil ar fad (an dá chomhpháirt obair chúrsa agus an scrúdú Scitseáil Beo-Ábhair).

Ní dhéanfar athrú ar na socruithe le haghaidh an chomhpháirt um *Stair agus Léirthuisicint na hEalaíne* a mharcáil.

5. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Forbairt ghairmiúil leanúnach chun tacú le múinteoirí ealaíne na hathruithe sin a chur chun feidhme, cuirfear ar fáil í tríd an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM).

Tá sé bunriachtanach go bhfuil deiseanna cuí ag gach múinteoir le leas a bhaint as an bhforbairt ghairmiúil leanúnach sin ionas go mbeidh eolas iomlán acu ar na hathruithe ar shocruithe measúnachta. Ar an gcúis sin, iarrtar ar údarais scoile cabhrú le gach múinteoir freastal ar na himeachtaí forbartha gairmiúla leanúnaí sin. Déanfar iarrachtaí chun cur isteach ar scoileanna a íoslaghdú; beidh comhoibriú agus comhordú le seirbhísí tacaíochta eile i gceist ansin. Beidh ionadú ar fáil chun cabhrú le múinteoirí freastal ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach, rud a thosóidh i mí Eanáir 2016.

6. Ginearálta

Tarraing aird gach múinteora ealaíne sa scoil ar an geiorclán seo agus cuir cóip di ar fáil do bhaill de bhord bainistíochta na scoile freisin.

Is féidir an ciorclán seo a rochtain ag www.education.ie freisin.

Breda Naughton
Príomhoifigeach
An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta